C/2024/1002

17.1.2024

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas ar aird Andreas Martin MÜLLER agus ISIS-Mozambique, an duine agus an grúpa a chumhdaítear leis na bearta sriantacha a leagtar síos i gCinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/333, ón gComhairle, agus Rialachán (AE) 2016/1686 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/338 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus i gcoinne daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann leo

(C/2024/1002)

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas ar aird Andreas Martin MÜLLER agus ISIS-Mozambique, a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/333 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1686 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/338 ón gComhairle ([4]) maidir le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann leo.

Chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh Andreas Martin MÜLLER a chur ar liosta na ndaoine, na ngrúpaí, na ngnóthas agus na n-eintiteas a chumhdaítear leis na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2016/1693 agus i Rialachán (AE) 2016/1686, agus leasú a dhéanamh ar an ráiteas ar chúiseanna maidir le ISIS-Mozambique a choinneáil ar an liosta sin.

Cuirtear in iúl don duine agus don ghrúpa lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1686, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais riachtanacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán sin.

Féadfaidh an duine agus an grúpa lena mbaineann iarraidh a chur isteach go bhfaighidís an ráiteas ar chúiseanna atá lena n-áireamh ar an liosta thuasluaite. Ba cheart aon iarraidh den chineál sin a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

Council of the European Union (Attn: COMET designations)
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

Féadfaidh an duine agus an grúpa lena mbaineann, tráth ar bith, iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar an liosta, mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, ag an seoladh thuasluaite. I ndáil leis sin, dírítear aird an duine agus an ghrúpa lena mbaineann ar an athbhreithniú tráthrialta a dhéanfaidh an Chomhairle ar an liosta de réir Airteagal 6(2) de Chinneadh (CBES) 2016/1693 agus Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2016/1686. Chun gur féidir iarrataí a mheas faoin gcéad athbhreithniú eile, ní mór iad a thíolacadh faoin 15 Iúil 2024.

Dírítear aird an duine agus an ghrúpa lena mbaineann freisin ar gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 275, an dara mír, agus in Airteagal 263, an ceathrú agus an séú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 255, 21.9.2016, lch. 25.
([2]) IO L, 2024/333, 16.1.2024, ELI : http://data.europa.eu/eli/dec/2024/333/oj
([3]) IO L 255, 21.9.2016, lch. 1.
([4]) IO L, 2024/338, 16.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/338/oj